2022.M88

2022L001B1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gaeilge

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

## Bonnleibhéal

## Dé Luain 13 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 – 4:20

315 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.


**Ceist 1(a)** Cén post atá ag máthair Ailbhe?




**Ceist 1(b)** Cén pháirt ba mhaith le hAilbhe i gceann cúpla bliain?

| | |
|---|---|
| Páirt i Ros na Rún | |
| Páirt i ndrámaí scoile | |
| Páirt i scannáin mhóra | |


**Ceist 2(a)** Cá háit a bhfuil Seán ina chónaí faoi láthair?





**Ceist 2(b)** Cén fáth a mbíonn na mílte cuairteoir i bPáras gach bliain?

| | |
|---|---|
| Chun freastal ar mheánscoil | |
| Chun na radhairc a fheiceáil | |
| Chun dul ag obair | |


**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil an siopa éadaí? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Ceist 5(a)** Conas mar a bheidh an aimsir don cheolchoirm mhór i bPáirc an Chrócaigh?



**Ceist 5(b)** Cén teocht is airde a bheidh ann amárach?

| | |
|---|---|
| 20° Celsius | |
| 22° Celsius | |
| 28° Celsius | |

**Ceist 6(a)** Cén fáth nach bhfuil a Daid sásta le hAisling?

| | |
|---|---|
| Fuair sí tatú. | |
| Fuair sí peata madra. | |
| Cheannaigh sí éadaí nua. | |

**Ceist 6(b)** Cé mhéad a chosain an rothar?

| | |
|---|---|
| €75 | |
| €90 | |
| €220 | |

**Ceist 7(a)** Cad a bheidh ar siúl ag Síle ar an Aoine?

| | |
|---|---|
| Beidh sí ag cóisir. | |
| Beidh sí ag staidéar. | |
| Beidh sí ag imirt cluiche. | |

**Ceist 7(b)** Cén saghas scannáin nua a bheidh ar siúl sa phictiúrlann?

| | |
|---|---|
| Scannán rómánsúil | |
| Scannán eachtraíochta | |
| Scannán ficsean eolaíochta | |

**Ceist 8(a)** Cé a bhí ag siopadóireacht le Rian in Chicago gach lá?

| | |
|---|---|
| Caoimhe | |
| A uncail | |
| A chol ceathracha | |

**Ceist 8(b)** Cad a cheannaigh Rian dá mháthair?





| | |
|---|---|
| Bróga reatha | |
| Uaireadóir galánta | |
| Cúpla húdaí gleoite | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

## CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | Uimhir | Litir | |
|---|---|---|---|
| **Scoil Cheoil**<br>Ranganna ceoil gach Aoine<br>Saor in aisce<br>**1.** | **1** | |  A |
| **Bialann Shíneach**<br>Díreach go dtí do dhoras<br>Ordaigh ar líne<br>**2.** | **2** | |   B |
| **Ceachtanna Tiomána**<br>Ar fáil<br>Glaoigh ar 096-764390<br>**3.** | **3** | |  C |
| **Ionad Athchúrsála**<br>Bruscar tí amháin<br>**4.** | **4** | |  D |
| **Aire!**<br>Urlár fliuch<br>Bí cúramach<br>**5.** | **5** | |   E |
| **An Siopa Leabhar**<br>Foclóir Nua Béarla-Gaeilge ar díol<br>**6.** | **6** | |  F |
| **Club Leadóige**<br>Fáilte roimh dhéagóirí<br>Cláraigh anois<br>**7.** | **7** | |  G |
| **Bád Farantóireachta**<br>Turas go hOileáin Árann<br>€20.00 an duine<br>**8.** | **8** | |  H |
| **Seomra Ríomhairí**<br>Cosc ar bhia agus ar dheoch<br>**9.** | **9** | |  I |
| **Madra ar strae**<br>Dath dubh agus bán<br>Glaoigh ar: 01 548 9321<br>**10.** | **10** | |  J |

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

Bus Éireann,
Tobar an Chaipín,
Corcaigh.
10 Meitheamh 2022

Máire Ní Néill,
An Bóthar Ard,
Dún Garbhán,
Co. Phort Láirge.

A Mháire, a chara,

Go raibh maith agat as an bhfoirm iarratais chomhlánaithe a sheol tú chuig Bus Éireann anseo i gcathair Chorcaí, ar an 7 Meitheamh 2022. De réir d'fhoirm iarratais, tá tú seacht mbliana is fiche d'aois agus ba mhaith leat a bheith i do thiománaí bus le Bus Éireann, i gcathair Chorcaí. Tá taithí agat cheana féin ar charr agus ar leoraí a thiomáint. Tá ceadúnas tiomána glan agat. Tá tú ag obair faoi láthair do chomhlacht turasóireachta ag tiomáint mionbhus.

Beidh agallaimh ar siúl ag Bus Éireann Déardaoin, 16 Meitheamh do thiománaithe nua agus tá agallamh socraithe duit ar 4.30 p.m. Ní gá duit ríomhphost a sheoladh ná litir a scríobh ach iarrtar ort glaoch fóin a chur ar an rúnaí oifige ag 021 56362 chomh luath agus is féidir leat chun glacadh leis an agallamh. Iarrfar ort na cáilíochtaí tiomána atá agat a roinnt linn ag an agallamh. Tosóidh cúrsa traenála do thiománaithe nua an dara seachtain de mhí Iúil. Leanann an cúrsa traenála ar feadh coicíse de ghnáth, sula gcuirtear tástáil ar na tiománaithe nua ag deireadh na míosa. Tá súil agam go mbeidh na socruithe seo oiriúnach duit.

Is mise,
Liam Ó Laoire (Traenálaí Sinsearach)

**Ceisteanna**

**1.** Cén dáta ar sheol Máire an fhoirm iarratais isteach?

| | |
|---|---|
| 7 Meitheamh | |
| 10 Meitheamh | |
| 16 Meitheamh | |

**2.** Cad atá á thiomáint ag Máire ina post faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Carr | |
| Leoraí | |
| Mionbhus | |

**3.** Conas a iarrtar ar Mháire glacadh leis an agallamh?

| | |
|---|---|
| Glaoch fóin a chur | |
| Ríomhphost a sheoladh | |
| Litir a scríobh | |

**4.** Cá fhad a leanann an cúrsa traenála de ghnáth?

| | |
|---|---|
| Ar feadh seachtaine | |
| Ar feadh coicíse | |
| Ar feadh míosa | |

**5.** Cén post atá ag Liam Ó Laoire?

| | |
|---|---|
| Rúnaí oifige | |
| Traenálaí sinsearach | |
| Tiománaí bus | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

### Saoire Thaitneamhach ar an Uisce

Ar mhaith leat dul ar saoire spraíúil le do theaghlach an samhradh seo? Déan dearmad ar shaoire thar lear nó ar shaoire cois trá. Caith seachtain ag bádóireacht ar Abhainn na Sionainne, an abhainn is faide in Éirinn. Ritheann Abhainn na Sionainne ó Chontae an Chabháin siar ó dheas chomh fada le Contae Chiarraí. Is féidir bád a fháil ar cíos ar mhíle Euro in aghaidh na seachtaine i gCora Droma Rúisc i gContae Liatroma nó i bPort Omna i gContae na Gaillimhe.



Tá na báid féin an-chompordach le cónaí orthu. Ní bheidh ort lóistín a lorg in óstán mar beidh tú in ann codladh sa bhád. Bíonn áiseanna de gach saghas ar bord gach bád, mar shampla seomra leapa compordach agus cistin bheag. Chomh maith leis sin, bíonn gach compord nua-aoiseach eile ar bord freisin, cith te, mar shampla, ach an rud is fearr le gach duine ar bord ná an ceangal idirlín agus *Wi-Fi*.

Bíonn imeachtaí de gach sórt ar fáil ar an tSionainn. Bíonn ranganna seoltóireachta agus comórtais iascaireachta ar fáil ar an uisce. Cois abhann, tá machairí gailf den scoth ar fáil don duine spórtúil. Tá siúlóidí breátha do gach duine ar fud na háite. Tá a lán bialanna agus caiféanna i mbailte beaga ar feadh an bhealaigh agus béilí blasta ar fáil iontu ar phraghas réasúnta.

Ní gá a bheith buartha faoin aimsir. Má bhíonn an ghrian ag taitneamh is féidir luí siar ar an mbád agus do scíth a ligean. Má bhíonn an aimsir go dona is féidir fanacht te teolaí istigh sa bhád. Nuair a bhíonn sé dorcha is féidir an spotsolas a lasadh agus leanúint ort ag taisteal.

Bainfidh gach duine sa teaghlach taitneamh as seachtain a chaitheamh ar an abhainn cháiliúil seo agus beidh fonn orthu filleadh arís agus arís eile.

**Ceisteanna**

**1.** Cén saghas saoire atá ar fáil ar an tSionainn?

| | |
|---|---|
| Saoire thar lear | |
| Saoire cois trá | |
| Saoire ag bádóireacht | |

**2.** Cén contae ina bhfuil Cora Droma Rúisc?

| | |
|---|---|
| Contae na Gaillimhe | |
| Contae Liatroma | |
| Contae an Chabháin | |

**3.** Cén rud is fearr le gach duine ar bord an bháid?

| | |
|---|---|
| Ceangal idirlín agus *Wi-Fi* | |
| Cistin bheag | |
| Seomra leapa compordach | |

**4.** Cad atá ar fáil don duine spórtúil cois abhann?

| | |
|---|---|
| Bialanna agus béilí blasta | |
| Siopaí agus caiféanna | |
| Machairí gailf den scoth | |

**5.** Cad is féidir a dhéanamh má bhíonn an aimsir go dona?

| | |
|---|---|
| Luí siar ar an mbád | |
| Fanacht te teolaí sa bhád | |
| An spotsolas a lasadh | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

## Mol an Óige

An tseachtain seo caite bhí lá saor ón scoil ag Bríd agus theastaigh uaithi dul ag siopadóireacht i lár na cathrach. Sheol sí téacs chuig a cara Dónall luath ar maidin chun a fháil amach an mbeadh suim aige teacht in éineacht léi. Bhí sé lánsásta dul léi. Thóg Bríd an bus agus fuair Dónall síob óna mháthair go lár na cathrach. Bhuail siad lena chéile ag meán lae lasmuigh de theach na cúirte i gCathair Chorcaí. Bhí an chathair plódaithe agus na siopaí lán le siopadóirí cheana féin.

Bhí siad ag siúl ar an gcosán thar an siopa seodra nuair a rith beirt fhear amach as an siopa. Bhí púicíní orthu agus bhí gunnaí ina lámha acu. Bhí málaí lán le seodra agus le hairgead tirim acu chomh maith. Cé go raibh Bríd agus Dónall scanraithe agus faitíos orthu, choinnigh na déagóirí a gciall agus chuir siad fios ar na Gardaí.

I bpreabadh na súl, bhí na Gardaí ar an láthair. Scaoil na robálaithe urchar leis na Gardaí agus bhí an t-ádh dearg ar na Gardaí agus ar gach duine eile ar an tsráid nár gortaíodh iad. Bhí na Gardaí an-chróga agus tar éis roinnt ama ghabh siad na robálaithe. Rug na Gardaí greim an duine bháite orthu, chuir siad glais lámh orthu agus chuir siad isteach sa scuadcharr iad. Fuair siad an seodra agus an t-airgead go léir a goideadh.

Lig Bríd agus Dónall osna faoisimh astu nuair a bhí an eachtra thart. Ghabh úinéir an tsiopa buíochas leis na déagóirí as an méid a rinne siad agus mhol sé go hard na spéire iad. Freisin thug sé dearbhán €100 an duine do na déagóirí agus dúirt sé leo go mbeadh fáilte rompu bualadh isteach go dtí an siopa am ar bith. D'fhan Bríd agus Dónall sa chathair ag siopadóireacht go dtí go raibh sé déanach.

**Ceisteanna**

**1.** Cad a theastaigh ó Bhríd?

| | |
|---|---|
| Dul ar scoil | |
| Dul go dtí teach na cúirte | |
| Dul ag siopadóireacht | |

**2.** Cén t-am ar bhuail Bríd agus Dónall lena chéile?

| | |
|---|---|
| Luath ar maidin | |
| Ag meán lae | |
| Déanach sa tráthnóna | |

**3.** Cad a rinne na déagóirí nuair a chonaic siad na robálaithe?

| | |
|---|---|
| Chuir siad fios ar na Gardaí. | |
| Rith siad síos an tsráid. | |
| Ghabh siad na robálaithe. | |

**4.** Cad a rinne na robálaithe nuair a tháinig na Gardaí?

| | |
|---|---|
| Thiomáin siad an carr. | |
| Rith siad isteach sa siopa. | |
| Scaoil siad urchar leo. | |

**5.** Cé a fuair dearbháin ó úinéir an tsiopa?

| | |
|---|---|
| Na Gardaí | |
| Na déagóirí | |
| Na robálaithe | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Dermot Kennedy**



Is ceoltóir agus amhránaí Éireannach é Dermot Kennedy. Tá sé go mór i mbéal an phobail agus tá clú agus cáil air anseo in Éirinn agus ar fud an domhain. Rugadh Dermot Kennedy ar an 13 Nollaig 1991 agus d'fhás sé aníos i Ráth Cúil, Contae Bhaile Átha Cliath. Thosaigh sé ag seinm an ghiotáir nuair a bhí sé 10 mbliana d'aois agus ag scríobh amhrán nuair a bhí sé 14 bliana d'aois. Thacaigh a thuismitheoirí go mór le Dermot forbairt mar cheoltóir. Is minic a thiomáin a athair Dermot chuig ionaid éagsúla ceoil chun canadh iontu.

D'fhreastail Dermot Kennedy ar Ollscoil Mhá Nuad i gContae Chill Dara. Chaith sé trí bliana ansin ag déanamh staidéar ar an gceol. Chuir sé féin agus triúr eile tús le grúpa ceoil. Thaitin an taithí leis ach scar an grúpa ó chéile ina dhiaidh sin sa bhliain 2015. Bhíodh Dermot ag buscáil go minic ar na sráideanna i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile ar fud an domhain. Deir sé gur chuidigh an taithí sin go mór leis chun a chuid ceoil a fhorbairt. Chuaigh ceoltóirí cáiliúla eile i bhfeidhm air agus é ag seinm, go háirithe David Gray agus Glen Hansard.

Thug Dermot Kennedy camchuairt ar na Stáit Aontaithe, an Astráil agus an Eoraip sna blianta 2018 agus 2019. Bhí an-éileamh ar na ticéid do na ceolchoirmeacha agus bhí siad ar fad lán go doras. D'eisigh Dermot a chéad albam *Without Fear* sa bhliain 2019 agus d'éirigh thar barr leis. Fuair an singil *Giants* agus an t-amhrán *Better Days* moladh mór agus a lán poiblíochta ar na meáin shóisialta. Bíonn os cionn 12 milliún duine ag éisteacht le ceol Dermot Kennedy ar Spotify.

**Ceisteanna**

**1.** Cén bhliain a rugadh Dermot Kennedy?

| | |
|---|---|
| 2015 | |
| 1991 | |
| 2014 | |

**2.** Cén aois a bhí ag Dermot Kennedy nuair a thosaigh sé ag scríobh amhrán?

| | |
|---|---|
| 10 mbliana d'aois | |
| 13 bliana d'aois | |
| 14 bliana d'aois | |

**3.** Cén áit ar fhreastail Dermot ar an ollscoil?

| | |
|---|---|
| I gCo. Chill Dara | |
| I gCo. Bhaile Átha Cliath | |
| Sna Stáit Aontaithe | |

**4.** Cad a bhíodh á dhéanamh ag Dermot Kennedy go minic i mBaile Átha Cliath?

| | |
|---|---|
| Ag freastal ar ollscoil | |
| Ag buscáil ar na sráideanna | |
| Ag tosú grúpa ceoil nua | |

**5.** Cad a fuair an singil *Giants* agus an t-amhrán *Better Days* ar na meáin shóisialta?

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Áine Ní Ghlinn



Is léachtóir, file, scríbhneoir agus iriseoir í Áine Ní Ghlinn. Tá cáil uirthi as an méid leabhar atá scríofa aici. Is do dhéagóirí is mó a scríobhann sí leabhair, ach tá neart ábhar ina cuid scríbhneoireachta do gach aoisghrúpa. Tá go leor gradam buaite aici dá saothar.

Rugadh Áine i gCo. Thiobraid Árann sa bhliain 1955 ach cónaíonn sí i mBaile Átha Cliath anois. Chuaigh sí ar Mheánscoil Chlochar na Toirbhirte i nDurlas. D'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath ina dhiaidh sin agus bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus Ard-Dioplóma san Oideachas. Nuair a d'fhág Áine an ollscoil fuair sí post mar mhúinteoir meánscoile ag múineadh Gaeilge agus Béarla ar feadh roinnt blianta. D'éirigh Áine as an múinteoireacht le bheith ina hiriseoir. D'oibrigh sí mar iriseoir ar feadh tamaill i Londain. Chaith sí roinnt blianta ag obair le RTÉ, le Raidió na Gaeltachta agus ar an sobalchlár Ros na Rún ar TG4.

Tá os cionn tríocha leabhar ar fad i seánraí éagsúla scríofa ag Áine Ní Ghlinn - filíocht, leabhair ficsin agus neamhfhicsin agus drámaí. Tá go leor gradam buaite aici dá scríbhneoireacht. Bhuaigh an scéal *Boscadán* duais i gComórtais Liteartha an Oireachtais in 2017 agus sa bhliain 2019 d'fhoilsigh Cois Life leabhar bunaithe ar an scéal sin. Ceapadh Áine Ní Ghlinn mar Laureate na nÓg sa bhliain 2020, an chéad uair a ceapadh údar Gaeilge sa ról náisiúnta sin. Ceapann sí go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh daoine óga ag léamh i nGaeilge ar son an phléisiúir, ní mar obair scoile amháin.

**Ceisteanna**

**1**. Cé dóibh is mó a scríobhann Áine leabhair?

| | |
|---|---|
| Do dhaoine fásta | |
| Do léachtóirí | |
| Do dhéagóirí | |

**2.** Cá háit ar rugadh Áine Ní Ghlinn?

| | |
|---|---|
| I mBaile Átha Cliath | |
| I gCo. Thiobraid Árann | |
| I Londain | |

**3.** Cén post a fuair Áine nuair a d'fhág sí an ollscoil?

| | |
|---|---|
| Iriseoir le RTÉ | |
| Múinteoir meánscoile | |
| Obair le Ros na Rún | |

**4.** Cathain a ceapadh Áine Ní Ghlinn mar Laureate na nÓg?

| | |
|---|---|
| 2017 | |
| 2019 | |
| 2020 | |

**5.** Cad a bhuaigh an scéal *Boscadán*?

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

| **Seán is a Chaitín Bán** | |
|---|---|
| (1)<br>Gasúinín deas é Seán,<br>Mac le Tadhg an Tóchair;<br>Chímid é gach lá<br>Agus caitín bán ina chóngar.<br>(2)<br>Ag súgradh bíd go sámh,<br>An cat is Seán le chéile;<br>Tá clis ar fheabhas ag Seán,<br>Ach buann an cat go caoch air.<br>(3)<br>Is peata an caitín bán,<br>Is peata Seán gan amhras,<br>Acu tá an saol go breá,<br>Ach ní bheidh róbhreá ar ball beag. | (4)<br>Seán, nuair a rachaidh ar scoil,<br>Is baol nach mbeidh sé sásta;<br>Ní áit do pheata an scoil,<br>Ach áit do cheachta gránna.<br>(5)<br>Is rachaidh an cat ar fán<br>Nuair nach mbeidh Seán ina chóngar,<br>Is ní bhfaighidh sé cóir ná ceart<br>I measc seana-chat na gcomharsan.<br>**(le Peadar Ó hAnnracháin)** |

**Ceisteanna**

**1.** Cén t-ainm atá ar athair Sheáin?

| | |
|---|---|
| Cat | |
| Seán | |
| Tadhg | |

**2.** Cad a bhíonn ar siúl go sámh ag Seán agus an cat?

| | |
|---|---|
| Bíonn siad ag rith. | |
| Bíonn siad ag súgradh. | |
| Bíonn siad ar fán. | |

**3.** Cén dath atá ar an gcat?

| | |
|---|---|
| Bán | |
| Breá | |
| Dubh | |

**4.** Cá háit a rachaidh Seán?

| | |
|---|---|
| Abhaile | |
| Ar scoil | |
| Ar saoire | |

**5.** Cá rachaidh an cat nuair a bheidh Seán ar scoil?

| |
|---|
| |

**Lean ar aghaidh go Cuid II: Roinn II**

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (45 marc)


Freagair ceann **amháin** as na **ceithre** cinn seo a leanas:
4(a), 4(b), 5(a) nó 5(b)

Tá Ceist 4(a) ar leathanach 14.
Tá Ceist 4(b) ar leathanach 15.
Tá Ceist 5(a) ar leathanach 16.
Tá Ceist 5(b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.

Freagair ceann **amháin** as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4(a), 4(b), 5(a) **nó** 5(b).

**Ceist 4(a)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**










Kellie Harrington





| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cá rachaidh an t-airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**Ceist 4(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Bhí tú ag ceolchoirm mhór i bPáirc Mharlaí.
Scríobh **litir** chuig d'aintín / d'uncail i Meiriceá ag insint dó / di:

| | |
|---|---|
| - Faoin bpóstaer a chonaic tú (**dhá** phointe eolais) | Pictiúr 1 |
| - Faoin turas go dtí an cheolchoirm (**dhá** phointe eolais) | Pictiúr 2 |
| - Faoin gceolchoirm (**dhá** phointe eolais) | Pictiúr 3 |
| - Faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhí an cheolchoirm thart (**dhá** phointe eolais) | Pictiúr 4 |

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**


**NÓ**

**Ceist 5(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. **(45 marc)**

Bhí tú ar **Saoire Cois Farraige** an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin tsaoire sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.


## Saoire Cois Farraige



**NÓ**

**Ceist 5(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos. **(45 marc)**

Tharla **an eachtra** seo agus tú ar do bhealach abhaile ón scoil le do chara.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).
Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




Dumpáil
Bruscar



Pictiúr le fón
Uimhir an chairr



Maor bruscair
Pictiúir - fianaise



Cúirt
Fíneáil throm

**EACHTRA A THARLA**

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Bonnleibhéal

# Gaeilge – Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

Dé Luain 13 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:20